

FOIRM IARRATAIS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN AGUS LEIDEANNA CABHRACHA



Réamhrá

Tá leideanna úsáideacha d'iarratasóirí sa doiciméad seo chun an Fhoirm Iarratais Tionscadail a líonadh. Tabhair faoi deara le do thoil nach dtéann na nótaí míniúcháin le gach ceist san fhoirm iarratais ach go bhfuil na leideanna atá curtha san áireamh againn bunaithe ar na ceisteanna is coitianta a fhaigheann Pobal ó eagraíochtaí nuair a bhíonn foirm iarratais á líonadh le haghaidh maoinithe. Baineann na ceisteanna is coitianta a fhaighimid ag céim an iarratais leis na catagóirí seo a leanas:

- 1) pleanáil straitéiseach tionscadail; agus
- 2) buiséad tionscadail.

Foirm Iarratais Mír 3 - Mionsonraí Tionscadail

Ceist 3.4

Éilítear **achomre chruinn** ar do thionscadal foriomlán mar fhreagairt ar Cheist 3.4. Bá chóir go gclúdófar sa chur síos **céard** a dhéanfaidh do thionscadal, **conas** a dhéanfaidh do thionscadal é, **cén áit** a mbeidh do thionscadal ar siúl agus an **éifeacht** ar an spriocghrúpa. Éileofar mionsonraí níos mó ar ghnéithe ar leith de do thionscadal sna ceisteanna atá ag teacht suas níos déanaí san fhoirm iarratais.

Ceist 3.11

In **aidhm an tionscadail** déantar cur síos ar na hathruithe a chuireann tú romhat a bhaint amach nó an difríocht is mian leat a dhéanamh. Ba chóir gur léiriú ardleibhéal intinne é aidhm an tionscadail atá i gcomhréir le haidhmeanna agus cuspóirí an TIONSCADAIL GHNÍOMHACHTAITHE MHÍCHUMAIS. Níor chóir go mbeadh mionsonraí san aidhm ar an gcaoi a gcuirfear an tionscadal molta i bhfeidhm nó an mhodheolaíocht atá á glacadh.

Sampla:

Aidhm: chun tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do 100 rannpháirtithe nach bhfuil i margadh an tsaothair faoi láthair leis an aidhm iad a ullmhú chun filleadh ar fhostaíocht íoctha agus cabhrú leo fostaíocht a fháil.

Ceist 3.11.1

Sna **cuspóirí tionscadail** ba chóir go mbeadh gach athrú a dhéanfaidh do thionscadal agus an chaoi a gcuireann iad sin leis an aidhm fhoriomlán a bhaint amach léirithe go mion. Níor chóir cuspóirí a mheascadh le 'gníomhartha' tionscadail a dhíríonn ar **conas** a chomhlíonfar tionscadal.

Ba chóir gur ráitis ghonta iad cuspóirí go hidéalach ag tosú leis an bhfocal 'Chun.'

Sampla:

Cuspóir 1: rannpháirtíocht daoine le míchumas inár n-eagraíocht a mhéadú ó 10% go 20% i 2012.

Cuspóir 2: 6 chúrsa saincheaptha dul chun cinn a dhearadh thar thréimhse dhá bhliain go leith bunaithe ar riachtanais daoine le míchumas i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara agus rannpháirtithe tionscadail.

Chomh fada agus is féidir ní mó do d'eagraíocht a chinntiú go bhfuil cuspóirí tionscadail **CLISTE**:

- **Sonrach:** ba chóir go mbeadh cuspóirí gonta agus sainmhínithe go soiléir.
- **Intomhaiste:** ba chóir go mbeadh d'eagraíocht in ann a thomhas cibé an bhfuil nó nach bhfuil tú ag comhlíonadh do chuspóirí.

- **Indéanta:** an bhfuil na cuspóirí indéanta laistigh den bhuiséad agus den cheangal ama molta.
- **Ábhartha:** ní mór go mbeadh tuiscint shoiléir ag d'eagraíocht ar conas atá na cuspóirí sin in oiriúint do d'aidhm sa tionscadal agus aidhm fhoriomlán na sraithe ar leith den TIONSCADAL GNÍOMHACHTAITHE MÍCHUMAIS.
- **Faoi Cheangal Ama:** ní mó do d'eagraíocht amscála shoiléir a leagan chun cuspóirí a bhaint amach.

Ba chóir go gcuirfeadh **gníomhartha tionscadail** cuntas soiléir ar conas a sheachadfar do thionscadal agus na príomhghníomhartha a úsáidfear chun na cuspóirí tionscadail a bhaint amach. Ní mór gníomhartha tionscadail go léir a nascadh le cuspóirí tionscadail. Nuair atá an nasc á dhéanamh agat, cuir an cheist “Chun an cuspóir seo a bhaint amach cén ghníomh nó gníomhartha nach mór dúinn a dhéanamh?”

Aschuir Thionscadail is ea na seirbhísí a sheachadann tú agus táirgí a fhorbraíonn tú mar chuid den tionscadal. Is féidir iad seo a leanas a bheith san áireamh in aschur:

- Líon tairbhithe
- líon pleananna dul chun cinn forbartha
- Forbairt spriocadh nuálach agus nósanna imeachta earcaíochta
- Cúrsaí Traenála *
- Straitéis d'fhor - rochtain
- Straitéis chun tacú le rochtain feabhsaithe do dhaoine le míchumais isteach i margadh an tsaothair
- Straitéis Mheantóireachta
- Tuarascálacha taighde
- Foilseacháin

* Tá sé inmholta go ndéantar traenáil agus oideachas a theistiú laistigh den chreat cáillíochtaí náisiúnta. Ba chóir go dtógfar san áireamh i dtionscadail naisc a fhorbairt le heagraíochtaí a dhéanann taithí shaoil/oibre a chreidiúnú. I réimsí áirithe áfach féadfar nach mbeadh teistiú cuí mar shampla cúrsaí fiontair nó nach mbeadh ar fáil go réidh mar shampla forbairt phearsanta. Ina leithéid de chásanna féadfar nach mbeadh teistithe ach gnéithe ábhartha mar chumas TF.

Ba chóir go mbainfeadh na spriocthairbhithé (sé sin an líon iomlán atá rannpháirteach sa tionscadal) leis na gníomhartha atá pleanáilte atá imlínithe sa tionscadal molta agus ba chóir go mbeadh siad réalaíoch agus indéanta ag dul leis an mbuiséad a iarrfar.

Éilítear ar iarratasóirí freisin na haschuir mholta a sheachadfaidh an tionscadal ar bhonn bliantúil a imlíníú.

Ceist 3.13

Chomh maith leis na spriocanna agus forthorthaí faoi leith (Ceist 3.12), sainaithin le do thoil forthorthaí go léir inmhianaithe agus ionchasach **forthorthaí** an tionscadail seo. Forthorthaí Tionscadail is ea na hathruithe agus éifeachtaí a tharlaíonn mar thoradh díreach ar do thionscadal. Déanfaidh an t-aschur na leasanna agus na hathruithe do dhaoine aonair, pobail, eagraíochtaí srl. mar thoradh ar an tionscadal a thomhas.

Ceist 3.14.2

Éileofar ar thionscadail rathúla go léir ábhar staitistiúil a thiomsú agus a chur isteach maidir leis na rannpháirtithe agus suirbhé a dhéanamh ar rannpháirtithe bliain amháin tar éis dóibh an tionscadal a fhágáil chun éifeacht an tionscadail a thomhas. Conas atá i gceist agat é sin a dhéanamh?

Ceist 3.16/17

Ní cheadaítear maoiniú TIONSCADAL GNÍOMHACHTAITHE MÍCHUMAIS a úsáid chun obair reatha a dhéanann eagraíochtaí a mhacasamhlú Tá sé tábhachtach conas atá an tionscadal/cur chuige seo difriúil agus/nó comhlántach leis an obair reatha a dhéanann an eagraíocht a shainaithint.

Ceist 3.20

Éilítear ar thionscadail go léir athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a dtionscadal chun a chinntiú go gcomhlíontar spriocanna srl. chomh maith le measúnú iomlán agus mionsonraithe a dhéanamh ar an tionscadal. Cuir eolas ar fáil le do thoil ar **conas** a dhéanfar monatóireacht ar an tionscadal agus measúnú ar na torthaí. Ba chóir mionsonraí a bheith anseo ar bhailiúchán sonraí bunlíne forthorthaí a rianú agus táscairí forthorthaí. Imlínigh sa mhír seo conas atá beartaithe agat é sin a bhaint amach.

Ceist 3.21

Tá poitéinseal suntasach ag ceachtanna, diúltacha agus dearfacha polasaí agus cleachtas a chur ar an eolas a tionchar a imirt orthu ag leibhéal AE eagraíochtúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Imlínigh sa mhír seo le do thoil conas atá i gceist agat ceachtanna a ghabháil a éiríonn as obair an tionscadail agus cén bealaí atá ar fáil duit an fhoghlaim sin a aistriú go comhlachtaí cuí.

Foirm Iarratais Mír 4 - Airgeadas

Ceist 4.4 - Costais Iomlána Tionscadail

Iarrtar ort briseadh síos mionsonraithe a chur ar fáil de na costais a bhaineann le do thionscadal molta féin a bhainistiú, a fhorbairt agus a rith ag sainaitheint costas iomlán an tionscadail agus an méid maoinithe a iarradh ón TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA MÍCHUMAIS. **Déan cinnte de le do thoil go bhfuil costais réalaíoch agus go gcuireann siad luach ar airgead ar fáil.**

Comhlánaigh do bhuiséad ag baint úsáide as an bhformáid san Fhoirm Iarratais Tionscadail. Éilítear ar iarratasóirí freisin míniúcháin chuimsitheacha a chur ar fáil ar na costais imlínithe ina mbuiséad.

Tá caiteachas tionscadail an TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA MHÍCHUMAIS curtha de réir catagóirí faoi na cinnteidil seo a leanas:

- ❑ Costais Acmhainní
- ❑ Costais Chláir
- ❑ Costais Trealaimh

Costais Acmhainní

Áirítear I gcostais acmhainní:

- a) Tuarastail atá á **maoiniú faoin tionscadal seo** agus ba chóir costas iomlán gach tuarastail a lua sa mhír seo. Ba chóir olltuarastal móide ÁSPC fostóirí a bheith san áireamh sna figiúirí. Tá sé tábhachtach gach post tuarastail atá le maoiniú laistigh den tionscadal a léiriú. Ba chóir go mbainfeadh tuarastail le

daoine ag a bhfuil príomhról agus ról díreach acu sa tionscadal i.e. Bainisteoir Tionscadail agus foireann eile bainteach sa tionscadal.

Tá tionscadail a fhaigheann maoiniú poiblí faoi réir nósanna imeachta diana cuntasaíochta agus tuairiscithe agus tá sé tábhachtach go ndéanann tú foráil réalaíoch do riaradh foriomlán do thionscadail.

- b) Forchostais is ea costais a bhaineann go díreach le gníomhaíocht an tionscadail, m.sh. fóin póca nó línte díreach fóin. **Níl costais chionroinnte cáilithe.**
- c) Costais Chumarsáide agus Phoiblíochta is ea costais a bhaineann leis an tionscadal a fhoilsiú, le bileoga, bróisiúir srl.

Costais Chláir

Costais is ea iad sin a éiríonn go díreach ó chlár/thionscadal a sheachadadh i.e. ábhar cúrsa, teagascóirí, iasacht ionaid, measúnú srl. **Ní mór mionsonraí a bheith i d'iarratas ar conas a ríomhadh gach Costas Cláir. Níl costais chionroinnte cáilithe.**

Mar shampla:

Tá sé á phleanáil ag d'eagraíocht cúrsa traenála a chur ar siúl le buiséad iomlán €3,800. D'fhéadfadh briseadh síos don chúrsa seo a bheith mar seo a leanas:

Éascaitheoir (€250 in aghaidh an lae do 10 lá)	€2,500
Ionad ar iasacht (€100 in aghaidh an lae do 10 lá)	€1,000
Ábhair	€300

Iomlán	€3,800
	=====

Bhainfeadh costais phearsanta le bheith san áireamh faoi cheannteideal seo leis na daoine aonair sin nach bhfuil ar chóras párolla na heagraíochta ach a bhfuil baint

acu le hobair chonartha don ghrúpa mar theagascóirí, éascaitheoirí, oiliúnóirí, aoichainteoirí srl.

Costais Trealaimh

Ba chóir mionsonraí a chur ar fáil ar Threalamh atá riachtanach don tionscadal suas go huasmhéid €1,000 in aghaidh gach píosa trealaimh.



Clár Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-2013

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



Ciste Sóisialta na hEorpa

Infheistiú i do Thodhchaí